

Cuntas Leithreasa 2019

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus speansais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, do phá agus speansais Óglaigh na hÉireann, agus do dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €11.373 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Stáitchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1- 6 mar chuid den chuntas.

An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa, a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 27 de 2019, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas.

Stoc a luacháil

Déantar stoic mhíleata a luacháil ar a meánchostas. Déantar stoic an Aerchoir a luacháil ar a bpraghas ceannaigh. Déantar stoic na Roinne a luacháil ar an bpraghas ceannaigh is déanaí a bhí orthu. Tá earraí áirithe a rinneadh a athchóiriú san áireamh i stoic Mhíleata agus an Aerchoir.

Sócmhainní Caipitil

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear san áireamh iad i sócmhainní caipitil (Nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh a riar an Roinn Cosanta in Aguisín A. Úsáidtear iad seo ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoin uathúil agus thiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chlár áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go mbaintear úsáid astu, agus déantar iad a thaifeadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta curtha san áireamh mar chuid de Nóta 2.2 - Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear amach iad as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an mbeartas atá luaite thuas.

Dímheas

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata chuig luachanna iarmharacha ag rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

Maurice Quinn

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

27 Márta 2020

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, le Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmलगin agus freagrachta. Áirítear air sin na gnéithe seo a leanas:

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha.
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte in 2019 seachas i gcás cúig chonradh (de bhreis ar €25,000) ar a raibh luach iomlán €161,297 (gan CBL a áireamh) a bhain le conarthaí éagsúla seirbhísí, ar cuireadh síneadh leo ní b'fhaide ná a mbuntéarmaí conartha. Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na cúig chonradh seo, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí seo rialacha maidir le soláthar iomaíoch a thapúla agus is féidir.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi na conarthaí eisceachtúla seo mar chuid de na 89 conradh ar a raibh luach iomlán €19,679,110 (gan CBL a áireamh) a chuirtear san áireamh sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 a chuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Meastar go bhfuil na 84 conradh eile, ar a raibh luach €19,517,813 (gan CBL a áireamh), comhlíontach, mar gheall go dtagann an t-údar chun na conarthaí seo a bhronnadh faoi chuimsiú na n-eisceachtaí maidir le próiseas iomaíoch a cheadaítear sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an AE. Baineann siad go príomha le caiteachas maidir le soláthraithe dílsithe saintrealaimh a bhaineann le cúrsaí cosanta agus slándála le haghaidh hÓglaigh na hÉireann. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtuairiscítear aon chonarthaí den sórt sin i gcomhréir le forálacha Chiorclán 40/2002.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Oibríonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéil inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí sonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2019 ónar theastaigh nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

24 Meán Fómhair 2020

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36 Cosaint

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2020

Vóta 36 Cosaint

Cuntas Leithreasa 2019

		2019	2018
	Suim a soláthraíodh sa mheastachán €000	Toradh €000	Toradh €000
Caiteachas cláir			
A Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin	758,048	756,094	701,421
Ollchaiteachas	758,048	756,094	701,421
<i>Lúide</i>			
B Leithreasáí i gcabhair	22,735	32,154	31,658
Glanchaiteachas	735,313	723,940	669,763

Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear, os cionn na glansuime a feidhmíodh, atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Stáitchiste.

	2019 €	2018 €
Barrachas le tabhairt suas	11,372,702	17,050,291

Maurice Quinn
Oifigeach Cuntasafóichthe
An Roinn Cosanta

27 Márta 2020

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

		2019	2018
	€000	€000	€000
Costas cláir		733,063	678,193
Riarachán – pá		18,586	17,652
Riarachán – neamhphá		4,445	5,576
Ollchaiteachas		756,094	701,421
<i>Lúide</i>			
Leithreasai i gcabhair		32,154	31,658
Glanchaiteachas		723,940	669,763
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannach (airgead tirim)	(115,022)		
Dímheas	53,967		
Caillteanas ar dhiúscairtí	2,949		
Diúscairtí (airgead tirim)	54	(58,052)	(28,714)
Athruithe ar shócmhainní á bhforbairt			
Íocaíochtaí airgid thirim		(15,495)	(10,641)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	4,257		
Méadú ar stoc	(4,308)	(51)	(12,693)
Caiteachas díreach		650,342	617,715
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	11,257		
Measchíosanna	1,642		
		12,899	12,368
Glanhostas cláir		663,241	630,083

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsítear i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 36 a iompraíodh in áit eile, agus suimeanna a iompraíodh ar Vóta 36 i dtaca le seirbhísí eile.

		2019	2018
		€000	€000
Vóta 1	Teaghlachas an Uachtaráin	(422)	(413)
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	(82)	(82)
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	9	1
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	11,575	11,095
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	531	541
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	898	911
Vóta 35	Pinsin Airm	(1,378)	(1,414)
An Lárchiste – Pinsin Aire		126	122
		11,257	10,761

Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	553,482	549,538
Sócmhainní caipitil á bhforbairt	2.2	6,012	2,993
		<u>559,494</u>	<u>552,531</u>
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	19,267	3,718
Stoic	2.4	216,351	212,043
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	866	5,076
Réamhíocaíochtaí	2.6	116,433	63,936
Ioncam fabhraithe		3,997	3,072
Sócmhainní reatha iomlána		<u>356,914</u>	<u>287,845</u>
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		6,482	2,560
Ioncam iarchurtha		45	30
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	15,803	4,371
Glanchistiú Stáitchiste	2.8	4,330	4,423
Dlíteanais iomlána reatha		<u>26,660</u>	<u>11,384</u>
Glansócmhainní reatha		<u>330,254</u>	<u>276,461</u>
Glansócmhainní		<u>889,748</u>	<u>828,992</u>
Arna léiriú ag:			
An cuntas um chistiú stáit	2.9	<u>889,748</u>	<u>828,992</u>

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh míleata €000	Trealamh Cosanta Sibhialta €000	Trealamh Oifige agus TF €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019	1,173,276	4,670	51,702	1,229,648
Breisiúcháin	54,834	167	6,279	61,280
Coigeartuithe ^a	(958)	—	—	(958)
Diúscairtí	(21,705)	(133)	(3,337)	(25,175)
Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019	1,205,447	4,704	54,644	1,264,795
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019	635,388	1,961	42,761	680,110
Dímheas don bhliain	50,597	373	2,997	53,967
Coigeartuithe ^a	(592)	—	—	(592)
Dímheas ar dhiúscairtí	(19,151)	(61)	(2,960)	(22,172)
Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019	666,242	2,273	42,798	711,313
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019^b	539,205	2,431	11,846	553,482
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018	537,888	2,709	8,941	549,538

Nóta ^a Baineann an glanchoigeartú €366,000 le sócmhainn dhúblach agus breisiúcháin a cheartú ó bhlianta roimhe seo. Léirítear é seo sa chuntas um chistiú Stáit (féach ar Nóta 2.9).

^b Riarann an Roinn Cosanta talamh (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag 58 láthair éagsúil, anuas ar 17 réadmhaoin lasmuigh de bheairicí a fheidhmíonn mar cheathrúna do lucht pósta. Ní chuirtear talamh agus foirgnimh san áireamh i sócmhainní caipitil.

2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

	Conarthaí tógála €000
Suimeanna a tugadh anonn an 1 Eanáir 2019	2,993
Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain	15,495
Tionscadail a críochnaíodh ^a	(12,476)
Suimeanna a tugadh anonn an 31 Nollaig 2019	6,012

Nóta ^a Nuair a chuirtear tionscadail i gcrích, baintear amach iad as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil.

2.3 An Banc agus airgead tirim

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
larmhéid an Phámháistir Ghinearálta (PMG)	18,570	3,252
larmhéideanna i gcuntais bhainc agus airgid thirim eile	697	466
	19,267	3,718

Cuntais bhainc neamh-vóta

Tá 13 chuntas bainc eile ann a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riar sna beairicí. Ní eisítear aon chistiú ón vóta do na cuntais bhainc seo. Ba é €13,375 an méid a bhí á choimeád ag deireadh 2019 (2018: €25,786). Ní chuirtear an t-iarmhéid seo san áireamh sa mhéid maidir le 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

2.4 Stoic

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Stoic mhíleata		
larmhéid tosaigh an 1 Eanáir	210,963	201,840
Ceannacháin i rith na bliana	38,195	44,709
Eisiúintí i rith na bliana	(31,685)	(33,941)
Díscríobh, stoc as feidhm, srl.	(2,331)	(1,645)
	215,142	210,963
Stoic eile		
Cosaint Shibhialta	1,135	1,016
Páipéarachas	18	17
Tomhaltáin TF	56	47
	216,351	212,043

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Párolla	—	4,268
Óinchiste	724	627
An Scéim um rothaíocht chun na hoibre	87	90
Thar lear	30	67
Fionraí eile	25	24
	866	5,076

2.6 Réamhíocaíochtaí

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Aerárthaí patróil mhuirí	55,394	—
Clár cothabhála agus uasghrádaithe fhlít na n-iompróirí armúrtha pearsanra	21,323	30,466
Aerárthaí fónais le sciathán dobhogtha	29,000	16,000
Eile	10,716	17,470
	116,433	63,936

2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Suímeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	629	14
Árachas sóisialach pá-choibhneasta	793	14
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	182	222
Cáin bhreisluacha	13,345	3,953
Ranníocaíochtaí pinsin	101	12
Cáin mhaoine áitiúil	6	—
Muirear sóisialta uilíoch	156	—
Cáin chonarthaí iomchuí	15	28
	15,227	4,243
Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí	407	3
Earraí eile fionraí creidmheasa	169	125
	15,803	4,371

2.8 Glanchistiú Státhiste

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Barrachas le tabhairt suas	11,373	17,050
Deontas an Státhiste nár tarraingíodh	(7,043)	(12,627)
Glanchistiú Státhiste	4,330	4,423
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	19,267	3,718
Iarmhéideanna dochair: fionraí	866	5,076
	20,133	8,794
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(15,227)	(4,243)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(576)	(128)
	(15,803)	(4,371)
	4,330	4,423

2.9 An Cuntas um Chistiú Stáit

	Nóta	2019	2018
		€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir		828,992	794,840
Íocaíochtaí amach ón Vóta			
Suím a soláthraíodh sa mheastachán	Cuntas	735,313	
Barrachas le tabhairt suas	Cuntas	(11,373)	
Glanvóta		723,940	669,763
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	11,257	10,761
Earraí (neamhairgid) eile	2.1	(366)	—
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a críochnaíodh sa bhliain	2.2	(12,476)	(17,896)
Caiteachas neamhairgid – measchíosanna	1	1,642	1,607
Glanchostas cláir	1	(663,241)	(630,083)
Iarmhéid an 31 Nollaig		889,748	828,992

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	9,299	8,686
Tionscadail chaipitil	243,620	73,532
Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí	252,919	82,218 ^a

b) Tionscadail chaipitil mhóra

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €10 milliún.

	Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2018	Caiteachas in 2019	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin	Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2019	Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2018
Tionscadal	€000	€000	€000	€000	€000
Clár athsholáthair agus tionscadal armála árthaí cabhlaigh	287,430	161	3	287,594	287,539
Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra	45,132	12,114	10,754	68,000	68,000
Tionscadal ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF	9,774 ^a	980	2,046	12,800	12,800
Aerárthaí fónais le sciathán dobhogtha	16,000	13,000	14,446	43,446	43,079
Athoiriúnú lárshaoil an LÉ Róisín	—	5,681	6,619	12,300	—
Aerárthaí patróil mhuirí	—	55,394	166,184	221,578	—
Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna	—	4,544	13,634	18,178	—
Iomlán	358,336	91,874	213,686	663,896	411,418

Nóta ^a Leasaíodh iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí an 31 Nollaig 2018 ó €83.463 milliún go €82.218 milliún i ndiaidh gur cuireadh caiteachas €1.245 milliún san áireamh nár léiríodh roimhe seo in aghaidh an tionscadail ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF.

2.11 Dliteanais aibithe

An 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana	1,562	463

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhir nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

		2019	2018
		Suim a soláthraíodh sa mheastachán	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,900	17,652
ii	Taisteal agus cothú	650	597
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	315	321
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	660	465
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	2,875	2,923
vi	Speansais áitreabh na hoifige	950	1,188
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais	190	82
		24,540	23,228

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €660,000, toradh: €385,000.

Bhí an tearc-chaitheamh €275,000 go príomha mar gheall ar éileamh ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis a bheith ar sheirbhísí teileachumarsáide agus poist.

vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €190,000, toradh: €46,000.

Bhí an tearc-chaitheamh €144,000 go príomha mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar roinnt tionscadal a bhí bunaithe ar shainchomhairleoireacht.

Clár A Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus tortaí oibriúcháin

		2019		2018
		Suim a soláthraíodh sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	18,900	18,586	17,652
A.2	Riarachán – neamhphá	5,640	4,445	5,576
A.3	An Buanfhórsa Cosanta: pá	446,709	418,650	398,714
A.4	An Buanfhórsa Cosanta: liúntais	41,202	44,028	39,923
A.5	An Buanfhórsa Cosanta: pá, srl.	2,150	1,551	1,574
A.6	Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais	1,250	1,103	1,014
A.7	Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.	26,000	19,352	23,625
A.8	Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta	75,000	102,476	77,131
A.9	An tAerchór: trealamh agus tacaíocht	16,860	17,450	17,519
A.10	Iompar míleata	14,190	16,275	11,343
A.11	An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht	13,000	13,443	17,082
A.12	Speansais agus trealamh innealtóireachta beairicí	13,980	13,791	14,050
A.13	Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	28,100	23,826	17,996
A.14	Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	13,980	15,505	15,742
A.15	Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	10,740	13,133	13,264
A.16	Oideachas agus oiliúint mhíleata	2,150	2,319	2,680
A.17	Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	3,378	3,908	3,779
A.18	Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann	7,000	6,732	2,901
A.19	Tailte	1,000	855	1,027
A.20	Eachaíocht	900	970	1,037
A.21	Costais dlíthíochta agus chúitimh	5,000	6,417	7,100
A.22	Caiteachas ilghnéitheach	3,500	3,773	3,510
A.23	Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE	1,747	1,839	1,784
A.24	Cosaint Shibhialta (ciste na gcuntas díomhaoín san áireamh)	4,740	4,735	4,229
A.25	Cros Dhearg na hÉireann	932	932	1,169
		758,048	756,094	701,421

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.954 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €1.509 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tugadh míniú cheana féin agus ba mheascán den mhéid seo a leanas ba phríomhchúis le hiarmhéid an athraithe €445,000:

A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €446.709 milliún, toradh: €418.65 milliún

Ba scor ní b'airde ná mar a tuaradh agus earcaíocht ní b'ísle ná mar a tuaradh in 2019 ba chúis leis an tearc-chaitheamh €28.059 milliún, ónar eascair líon ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis de phearsanra a bheith ag fónamh sa Bhuanfhórsa Cosanta i rith na bliana.

A.4 An Buanfhórsa Cosanta: liúntais

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €41.202 milliún, toradh: €44.028 milliún

Ba chaiteachas ar liúntais thar lear, liúntais an Bhuanfhórsa Cosanta a chur ar fáil arís agus méaduithe ar an ráta cothaithe intíre ba chúis leis an róchaitheamh €2.826 milliún.

A.5 An Buanfhórsa Cosanta: pá, srl.

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.15 milliún, toradh: €1.551 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €599,000 ná go raibh na leibhéil nirt ní ba lú ná mar a bhí beartaithe agus ba lú an oiliúint íoctha ar thug cúltacairí fúithi, dá bharr, ná mar a raibh coinne leis.

A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.25 milliún, toradh: €1.103 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €147,000 go príomha mar gheall ar líon ní ba lú de shéiplínigh a bheith ag fónamh in 2019 ná mar a raibh coinne leis mar thoradh ar mhoilleanna a bhí ar earcaíocht.

A.7 Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €26 milliún, toradh: €19.352 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €6.648 milliún ná gur lú an líon fostaithe sibhialtacha ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall go ndearnadh ní ba lú earcaíochta ná mar a raibh coinne leis.

A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €75 milliún, toradh: €102.476 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €27.476 milliún an éarlais faoin gconradh chun Aerárthaí Patróil Mhuirí a athsholáthar, a bhí seach-churtha go páirteach ag moilleanna ar chaiteachas beartaithe chun trealamh bunriachtanach cosanta a cheannach agus a uasghrádú.

A.10 Iompar míleata

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €14.19 milliún, toradh: €16.275 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €2.085 milliún gur ghá feithiclí míleata athsholáthair a cheannach. Bhí an róchaitheamh seo seach-churtha go páirteach ag costais bhreosla a bhí ní b'isle ná mar a raibh coinne leis agus an moill a bhí ar chodanna a sheachadadh.

A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €28.1 milliún, toradh: €23.826 milliún

Ba dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a raibh coinne leis maidir le príomhthionscadail a thabhairt chuig céim na tógála ba chúis leis an tearc-chaitheamh €4.274 milliún. Ba é an próiseas soláthair fadálach, anuas ar chastachtaí innealtóireachta a tháinig aníos i gcásanna áirithe ba chúis leis na moilleanna seo.

A.14 Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €13.98 milliún, toradh: €15.505 milliún

Ba riachtanas méadaithe maidir le caiteachas ar chostais éide mar gheall ar athrúchán ard foirne ba chúis leis an róchaitheamh €1.525 milliún. Ba ghá airgead a chaitheamh freisin ar threalamh léarscáilfochta a chothabháil agus ar pháirteanna spártha dó.

A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €10.74 milliún, toradh: €13.133 milliún

Bhí an róchaitheamh €2.393 milliún mar gheall ar ghá ní ba mhó a bhí le seirbhísí gairmiúla agus trealamh bunriachtanach teileachumarsáide.

A.16 Oideachas agus oiliúint mhíleata

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.15 milliún, toradh: €2.319 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €169,000 ná go raibh cúrsaí oiliúna breise ag teastáil d'Óglaigh na hÉireann agus chun trealamh breise a cheannach do shaoráidí oiliúna.

A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €3.378 milliún, toradh: €3.908 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €530,000 costais iompair agus lasta mhéadaithe a bhain le hoibríochtaí thar lear in UNIFIL agus UNDOF.

A.19 Tailte

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1 milliún, toradh: €855,000.

B'éard ba chúis leis an tearc-chaitheamh €145,000 ná nár tugadh tionscadail timpeallachta agus eile áirithe chun críche mar gheall ar an aimsir.

A.21 Costais dlíthíochta agus chúitimh

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €5 milliún, toradh: €6.417 milliún

Tháinig an róchaitheamh €1.417 milliún aníos mar gheall ar roinnt athróg dothuartha, uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn cásanna, agus líon, luach agus uainiú dámhachtainí agus socraíochtaí san áireamh.

A.22 Caiteachas ilghnéitheach

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €3.5 milliún, toradh: €3.773 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €273,000 costais bhreise fógraíochta agus chumarsáide a bhain leis na feachtais earcaíochta míleata agus costais tacaíochta misin thar lear a bhí ní b'airde ná mar a raibh súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

	2019		2018
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.	6,013	14,919	14,004
2 Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh	—	—	—
3 Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile	1,300	1,333	1,320
4 Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla	140	175	196
5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht	900	766	924
6 Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht	20	24	25
7 Fáltais ó bhreosla eitleíochta	40	16	30
8 Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin	50	243	143
9 Tailte agus áitreabh			
(a) cíósanna, srl.	462	560	436
(b) díolacháin	1,250	217	14
10 Stórtha breise a dhíol	100	83	161
11 Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	50	75	92
12 Ilghnéitheach	300	690	667
13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí ^a	11,610	12,551	13,646
14 Ciste na gCuntas Díomhaoin	500	502	—
Iomlán	22,735	32,154	31,658

Nóta ^a Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €9.419 milliún ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.

Meastachán: €6.013 milliún, réadaithe: €14.919 milliún

Bhí an barrachas €8.906 milliún mar gheall ar fháltais ní ba mhó ó na NA ná mar a raibh coinne leis maidir le costais phá agus trealaimh. Is deacair uainiú fáltais ó na NA a thuar. Féach Nóta 6.1.

5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht

Meastachán: €900,000, réadaithe: €766,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €134,000 ná gur cuireadh ní ba lú ciondálacha ar fáil d'Óglaigh na hÉireann ná mar a raibh coinne leis in 2019.

8 Fáltais ar scaoileadh de réir ceannacháin*Meastachán: €50,000, réadaithe: €243,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €193,000 ná go raibh líon níos airde ná mar a raibh coinne leis de chomhaltaí Óglaigh na hÉireann á scaoileadh laistigh d'fhad a gconartha seirbhíse.

9 Talamh agus áitreabh*Meastachán: €1.712 milliún, réadaithe: €777,000*

Bhí an t-easnamh €935,000 go príomha mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar réadmhaoin mhíleata a dhíol.

12 Ilghnéitheach*Meastachán: €300,000, réadaithe: €690,000*

Ba é ba phríomhchúis leis an mbarrachas fáltais (€390,000) maidir le haisíocaíochtaí le haghaidh táillí oideachais agus na hiarmhéideanna bainc a aisíoc i ndiaidh gur dúnadh ceithre chuntas bainc.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí*Meastachán: €11.61 milliún, réadaithe: €12.551 milliún*

Tháinig an barrachas €941,000 aníos mar gheall gur deacair fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann, nuair a chuirtear an réimse saincheisteanna san áireamh ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna, liostáil, scor, réimse liúntas srl. san áireamh.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Stáitchiste

	2019	2018
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	12	8
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(12)	(8)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2019	2018
Líon na foirne ag deireadh na bliana	9,477	9,737

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile	2019	2018
	€000	€000
Pá	416,033	396,739
Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	244	226
Ragobair	339	416
Liúntas do shealobair agus d'obair de réir an uainchláir	228	219
Liúntais mhíleata agus eile	37,142	33,951
ÁSPC Fostóra	39,888	38,482
Pá iomlán ^{a, b}	493,874	470,033

Nótaí ^a Ní chuirtear san áireamh sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, arb ionann sin agus ceathrar pearsanra agus pá iomlán €286,357. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith le chéile.

^b Is ionann pá iomlán agus gnéithe pá Fhotheidil A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

5.3 Státseirbhísigh

	2019	2018
Líon na foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	351	336
	2019	2018
	€000	€000
Pá	17,358	16,535
Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	95	99
Liúntais eile	50	49
Ragobair	92	102
ÁSPC Fostóra	991	867
Pá iomlán	18,586	17,652

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair	
			2019	2018
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	10	4	20,505	20,610
Liúntais eile	20	—	8,505	8,538
Ragobair	52	2	13,821	9,829
Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin	11	1	14,726	13,816

5.4 Fostaithe sibhialtacha

	2019	2018
Líon na foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	442	423
	2019	2018
	€000	€000
Pá	16,049	16,305
Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	149	127
Ragobair	247	314
Liúntas do shealobair agus d'obair de réir an uainchláir	228	219
Liúntas am taistil	444	485
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	200	215
ÁSPC Fostóra	1,787	1,805
Pá iomlán	19,104	19,470

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair	
			2019	2018
			€	€
Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	66	1	11,465	8,016
Ragobair	143	—	9,298	10,769
Liúntas do shealobair agus d'obair de réir an uainchláir	42	3	15,265	15,458
Liúntas am taistil	66	10	12,890	12,720
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	271	—	3,235	3,235
Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin	183	34	26,413	25,273

5.5 Buanfhórsa Cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

	2019	2018
Líon na foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	8,684	8,978
	2019	2018
	€000	€000
Pá agus liúntais i gcomhair seirbhís mhíleata	382,626	363,899
Liúntais thar lear	20,751	18,768
Liúntais i gcomhair dualgais slándála	8,905	8,068
Liúntas i gcomhair dualgais ar an teorainn	2,121	2,256
Liúntas i gcomhair dualgais patróil	2,469	2,134
Liúntais ilghnéitheacha	2,202	1,976
ÁSPC Fostóra	37,110	35,810
Pá iomlán	456,184	432,911

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair	
			2019	2018
			€	€
Liúntais thar lear	1,922	1,013	39,184	55,000
Liúntais i gcomhair dualgais slándála	7,293	19	18,823	19,648
Liúntas i gcomhair dualgais ar an teorainn	531	1	12,710	44,192
Liúntas i gcomhair dualgais patróil	710	1	10,668	9,195
Liúntais ilghnéitheacha	852	79	16,132	12,143
Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin	2,920	1,146	34,532	39,252

5.6. Socraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim

Chun nochtadh deonach gan choinne a thabhairt chun críche, rinne an Roinn íocaíocht socraíochta €13,078,580 leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Feabhra 2019 (íocaíochtaí úis €2,556,420 agus íocaíochtaí pionóis €366,385 san áireamh) a chumhdaigh an tréimhse ó 2011 go 2017. Tháinig an tsocraíocht aníos mar gheall ar dhliteanas cánach a rinneadh a mheasúnú le déanaí maidir le cóir leighis agus cóiríocht a sholáthar agus liúntais agus socruithe áirithe. Tháinig deireadh leis an dliteanas maidir le saincheisteanna áirithe leighis agus cóiríochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2018 de bhun athruithe a rinneadh san Acht Airgeadais, 2018. Chuir an Roinn socruithe i bhfeidhm freisin le comhlíonadh cánach a chinntiú maidir le ceisteanna áirithe nach gcuirtear san áireamh sna hathruithe reachtaíochta.

Anuas ar na dliteanais stairiúla a réiteach don tréimhse 2011-2017 thuas, rinneadh íocaíocht €72,763 leis na Coimisinéirí Ioncaim freisin i bhFeabhra 2019 ar mhaithe le sochar comhchineáil maidir le táillí reachtúla ospidéal phoiblí a gearradh ar chleithiúnaithe ball liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta in 2018.

Gearradh na socraíochtaí seo ar Fho-Cheanteideal A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá.

5.7 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €689,547, ar an iomlán, le 27 duine de phearsanra Óglaigh na hÉireann a bhí ar scor a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, idir €5,400 agus €70,403, a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh i rith 2019. Anuas air sin, íocadh €68,693, ar an iomlán, idir €660 agus €7,280 le 22 fostaí sa tseirbhís phoiblí a bhí ar scor a raibh pinsin seirbhíse poiblí á bhfáil acu, a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh i rith 2019. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcutas seo caiteachas €12,330 maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh tréimhse in 2019 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Ní áirítear leis an gcutas seo caiteachas i leith seisir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn don bhliain 2019 go léir nó cuid de i ranna/oifigí Rialtais eile. D'íoc na ranna/na hoifigí ina raibh siad ag fónamh a dtuarastail.

5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

	2019	2018
Líon faighteoirí	185	147
Pleananna gnóthúcháin i bhfeidhm	70	69
	€	€
Ró-íocaíochtaí	196,132	162,198
Luach pleananna gnóthúcháin	122,054	57,978

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2019.

5.10 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíocht €300 (glansuim) le gach ceann de na 125 duine den phearsanra a bhí ag fónamh leis an 58ú Grúpa Saighdiúirí Coise, Fórsa Breathnóireachta Díscóir na Náisiún Aontaithe (*UNDOF*), atá bunaithe sa tSiria faoi na cúinsí eisceachtúla a d'eascair as an moill nach raibh coinne leis chun iad a aisdúichiú go hÉirinn. Ba é an t-ollmhéid foriomlán €70,091.

5.11 Eadráin agus idir-réiteach

Tabhaíodh costais €3,054 in 2019 maidir le cúig chás eadrána agus idir-réitigh. (2018: €2,294). Tabhaíodh costais €25,620 in athbhreithniú ar an Scéim Idir-Réitigh agus Eadrána.

5.12 Cóir leighis

Cuireadh seirbhísí institiúide agus d'othair sheachtracha ar fáil do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe pearsanra liostáilte in ospidéal shibhialtacha gan an muirear reachtúil a ghearradh agus in ospidéal mhíleata gan aon mhuirear a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Misin thar lear

Tá sa chuntas seo na suimeanna a thugtar le fios thíos maidir le luach saothair an phearsanra mhíleata a fhónann le hoibríochtaí tacaíochta síochána na NA agus an AE agus le heagraíochtaí éagsúla, anuas ar chostais taistil agus chothaithe agus iompair:

	2019	2018
	€000	€000
Misin na NA agus an AE:		
<i>UNIFIL</i> (an Liobáin)	36,283	29,144
<i>UNDOF</i> (Arda Golan)	11,273	11,194
<i>KFOR</i> (an Chosaiv)	1,468	1,201
<i>EUFOR</i> (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	569	529
Misin eile na NA agus an AE	4,164	3,755
	<u>53,757</u>	<u>45,823</u>
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	1,896	1,385
Grúpaí catha (an Ghearmáin, an RA agus AE)	361	81
An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip	28	66
Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil)	229	3,673
Iomlán	<u>56,271</u>	<u>51,028</u>

As an tsuim €53.76 milliún a sonraíodh do mhisin na Náisiún Aontaithe agus an AE, baineann €6.2 milliún le misin, a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuilleach €47.56 milliún le *UNIFIL* agus *UNDOF* a ndearnadh comhaontú leis na NA ina dtaobh ar shocruithe chun costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú aisíocaíochtaí ó na Náisiún Aontaithe ar thosca éagsúla, an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin san áireamh. Ba í an tsuim a fuarthas ó na NA le fírinne trí leithreasáil i gcabhair in 2019 €14.9 milliún, ina raibh suim €7.8 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €7.1 milliún le haghaidh costais trealaimh.

Ba é €3.8 milliún an méid a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana (costais phearsanra €2 milliún agus costais trealaimh €1.8 milliún).

6.2 Tacaíocht do chumainn ionadaíochas Óglaigh na hÉireann

Tá suim iomlán €555,215 sa chuntas seo maidir le luach saothair pearsanra mhíleata a tugadh ar íasacht do chumainn ionadaíochas agus costais riaracháin áirithe ghaolmhara.

6.3 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain

	2019	2018
	€000	€000
Díobháil d'fheithiclí míleata	73	55

6.4 Costais chúitimh agus dlí

					2019	2018
	Líon na	Costais dlí	Cúiteamh a	Costais	lomlán	lomlán
	gcásanna	a d'íoc an	bronnadh	dlí a		
		Oifig		bronnadh		
		€000	€000	€000	€000	€000
Fostaithe an Vóta						
Cásanna díobhála pearsanta	214	1,032	2,150	814	3,996	5,912
Cásanna a bhaineann le riarachán/fostaíocht	82	15	43	1,150	1,208	851
Baill den phobal						
Díobháil phearsanta	32	121	1,027	48	1,196	335
		1,168	3,220	2,012	6,400	7,098

Nóta Baineann na figiúirí thuas le gach cás ina ndearnadh íocaíocht in 2019. Áirítear leo seo cásanna a réitíodh i mblianta roimhe seo, iad siúd a réitíodh in 2019 agus iad siúd atá ar bun go fóill.

Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

1. Dílsithe san Aire Cosanta

Maoin	Achar (heicteáir) ^a
An Clár	
Campa Chnoc an Lisín	49.96
Corcaigh	
Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh	0.89
Dún Uí Choileáin, Corcaigh	24.22
Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin	—
An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí	4.23
Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí	0.40
Áitreabh an <i>RDF</i> , Cill Chrócháin	0.40
Plásóg Chuimhneacháin Mhíchil Uí Choileáin, Béal na mBláth	0.004
Áitreabh an <i>RDF</i> , an Sciobairín	0.20
Áitreabh an <i>RDF</i> , Mala	0.03
Baile Átha Cliath	
Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill	276.93
Iena n-áirítear gléasra séarachais ar thalamh in aice láimhe	
Asplanád, Dún Uí Choileáin	0.20
Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	0.40
Gaillimh	
Raon Raidhfíli Órán Mór	216.10
Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór	—
Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh	29.95
Ciarraí	
Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí	6.07
Dún na Sionainne, Tairbeart	0.81
Áitreabh <i>RDF</i> , Cill Orglan	0.10
Cill Dara	
Campa agus Tailte an Churraigh	1,968.12
Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara	—
Uimh. 2, 78, agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach	0.06
Dún Mhic Aodha, Cill Dara	1.99
Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach	14.37

Maoín	Achar (heicteáir) ^a
Cill Chainnigh	
Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh	5.67
Lú	
Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan	5.46
An Mhí	
Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin	105.62
Áitreabh <i>RDF</i> , an Uaimh	0.20
Uíbh Fhailí	
Iar-Dhún Míleata, Biorra	1.98
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Carna	114.53
Tiobraid Árann	
Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin	5.46
Port Láirge	
Dún Míleata, Port Láirge	0.28
An Iarmhí	
Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr	9.61
Dún Chostúim, Baile Átha Luain	5.26
Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain	5.97
Cill Mhantáin	
Raon Airtléire Ghleann Ó Máil	2,698.85
Campa agus Tailte Chúil Mhuine	97.53
Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré	1.95
Post Maor Raoin, an Seisceann	0.40

Nóta ^a Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Maoin

**Achar
(heicteáir)
a**

An Clár

Áitreabh *RDF*, Inis 0.10

Corcaigh

Campa agus Raon Chill Uird	1,377.55
Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar don ÚBN	10.69
An tOileán Mór	91.05
Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach ^b	33.99
Fort Davis, an Geata Bán	22.04
Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne	14.97
Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra	—
Cé Turlingthe, an Cóbh	—

Dún na nGall

Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin 337.01

Baile Átha Cliath

Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	18.62
Uimh. 17-28 Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	0.27
Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7	18.21
64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7	0.02
Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7	3.24
Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	—
2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	0.01

Laois

Áitreabh *RDF*, Port Laoise 0.03

Luimneach

Dún an tSáirséalaigh, Luimneach 5.99

Lú

Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan 7.28

Maigh Eo

Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh 2.43

Ros Comáin

Raon Raidhfilí, Cuisle	56.25
Dún Míleata, Mainistir na Búille	0.20

Maoín	Achar (heicteáir) ^a
Tiobraid Árann	
Dún Míleata, an tAonach	1.2
Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór	0.16
Loch Garman	
Dún Míleata, Loch Garman	0.40
Cill Mhantáin	
Campa agus Raon Raidhfíli Chill Bhríde	636.98

Nótaí ^a Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

^b Arna aistriú go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar iarláithreán *ISPAT*.

Aguisín B Cuntais chomhlachtaí agus chistí faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne agus sa chás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail dheireadh Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

Ciste comhlachta/Roinne	Tréimhse dheireanach chuntas- aíochta	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	Dáta faighte ag an Aire/Roinn	An dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais é
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	2018	An 28 Meith 2019	An 30 Iúil 2019	An 25 Feabhra 2020
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	2018	An 30 M.F. 2019	An 4 D.F. 2019	An 25 Feabhra 2020